**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2124(INI)**

27.10.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Iascach

Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascaigh inbhuanaithe athléimneacha
2023/2124(INI)

Rapóirtéir don tuairim: Catherine Chabaud

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go luaitear i bPlean Gníomhaíochta AE teicnící iascaireachta a dhéanann dochar do na héiceachórais ghrinnill, ach nach luaitear teicnící díobhálacha iascaireachta eile go sonrach, amhail feistí comhthiomsaithe éisc, a chuireann le ró-iascaireacht speiceas tuinníní agus truailliú plaisteach san aigéan agus a dhéanann dochar d'éiceachórais mhuirí in uiscí tíortha i mbéal forbartha;

B. de bhrí go bhfuil roinnt speiceas tuinníní trópaiceacha faoi réir na ró-iascaireachta san Aigéan Indiach, go háirithe an tuinnín buí, a bhfuil géarghá lena ghabháil a laghdú;

C. de bhrí gur leag an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta béim ar an bhfíoras go bhfuil ró-iascaireacht peiligeach beag agus forbairt monarchana ola éisc agus mine éisc san Afraic Thiar ina bhagairt don tslándáil bia i dtíortha cósta na hAfraice Thiar;

1. á mheabhrú a ríthábhachtaí atá na haigéin mar chroílár na gcóras aeráide agus bhia, toisc go gclúdaíonn siad 71 % de dhromchla an domhain, go dtáirgeann siad leath den ocsaigin atá againn agus go súnn siad aon trian d'astaíochtaí $CO_2$; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le cur chuige beartais agus maoiniúcháin a fhorbairt do chaomhantas agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan; á iarraidh go gcaomhnaítear na slite beatha atá bunaithe ar na haigéin agus bithéagsúlacht na n-aigéan ar bhonn domhanda; á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag na haigéin, go háirithe le haghaidh ceapadh carbóin, forbairt fuinnimh in-athnuaite, cruthú post, laghdú bochtaineachta, iompar earraí agus cumarsáid idirlín; ag tabhairt rabhaidh faoin idirspleáchas atá idir iascaigh agus slándáil bia, toisc go mbraitheann 3.3 billiún duine ar bhia ón muir chun 20 % ar a laghad dá n-iontógáil próitéine ainmhíche a fháil;

2. á chur i bhfáth go bhfuil freagracht aonair agus chomhchoiteann orainn na haigéin a chaomhnú, ar acmhainní iad is coiteann dúinn ar fud an domhain, chomh maith leis na farraigí agus na hacmhainní muirí, agus chun Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 a bhaint amach; á iarraidh go mbeadh AE ina cheannaire chun éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú agus chun beartais ghaolmhara a cheapadh lena léirítear fís dhomhanda go córasach; á chur i bhfáth go gceanglaítear le bainistiú fónta agus inbhuanaithe na n-éiceachóras muirí go nglacfar cur chuige domhanda bunaithe ar éiceachóras agus creat dlíthiúil soiléir lena mbeidh gach earnáil agus geallsealbhóir páirteach sa gheilleagar gorm; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil easpa comhordaithe agus ailínithe ag beartais phoiblí Eorpacha maidir leis an ngeilleagar gorm agus go ndéantar iad a bhainistiú ar bhealach deighilte chun dochair do gheallsealbhóirí atá curtha in iomaíocht le chéile dá bhrí sin; á chur i bhfios go láidir gur gá truailliú muirí de gach chineál a chosc agus a laghdú go suntasach, go háirithe ó ghníomhaíochtaí ar talamh; á iarraidh go mbeidh comhar níos dlúithe ann chun bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt go práinneach ar an truailliú plaisteach trí úsáid an ábhair sin a laghdú agus rátaí athchúrsála a mhéadú; á chur in iúl gur geal léi cur chuige an Choimisiúin i leith geilleagar gorm inbhuanaithe agus a straitéis chun an cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh a chur chun feidhme faoin gcomhbheartas iascaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an

straitéis chun an cur chuige sin atá bunaithe ar éiceachórais a leathnú thar bhainistiú iascaigh go gach earnáil den gheilleagar gorm, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite agus tionscail eastóscacha, mar chuid de chreat uileghabhálach dlíthiúil agus straitéiseach;

3. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreoidh AE le tíortha i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéin Chiúin, chun ullmhú le haghaidh forbairt fuinneamh muirí in-athnuaite amach anseo trí shaineolas AE maidir le pleanáil mhuirí agus forbairt thionsclaíoch a roinnt; á iarraidh ar AE fothú acmhainneachta agus maoiniú a mhéadú do thíortha i mbéal forbartha chun bainistiú na n-aigéan agus cósta a fheabhsú, straitéisí geilleagar muirí a fhorbairt, bearnaí rialachais a líonadh agus aghaidh a thabhairt ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus trádáil aindleathach in acmhainní muirí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé freagairtí a chur le chéile a fhreastalaíonn ar riachtanais áitiúla maidir le fuinneamh astaíochta nialasacha, lena n-áirithítear go gcosnófar éiceachórais mhuirí agus lena gcaomhnaítear gníomhaíochtaí traidisiúnta amhail iascaireacht; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeidh pobail chósta rannpháirteach i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin; ag leagan béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tacú le cleachtais iascaireachta inbhuanaithe sna réigiúin is forimeallaí, bunaithe ar úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí agus bainistiú iascaigh, dobharshaothrú agus turasóireacht, mar bhealach chun forbairt fhadtéarmach shocheacnamaíoch na réigiún sin a áirithiú;

4. á mheabhrú go bhfuil diansaothrú acmhainní nádúrtha ar fud an domhain ar cheann de na príomhchúiseanna le cailliúint bithéagsúlachta muirí le 40 bliain anuas, i dteannta eile amhail truailliú, athrú aeráide agus aigéadú na n-aigéan; á chur i bhfáth gur gá gníomhaíocht láithreach a ghlacadh chun dul i ngleic le ró-iascaireacht agus iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, i bhfianaise a dtionchar diúltach ar phobail chósta; á iarraidh ar gach tír a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán agus deireadh a chur le ró-iascaireacht agus cleachtais dhíobhálacha a chuireann marthanas na speiceas iomlána i mbaol; á chreidiúint gur gá go ndéanfar gabhálacha a theorannú go suntasach agus go gcuirfear deireadh iomlán le gabhálacha speiceas is mó atá i mbaol chun bithéagsúlacht a chaomhnú; á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin na reachtaíochta atá i bhfeidhm, gur ann i gcónaí do chleachtais ró-iascaireachta, agus nach gcuireann tíortha áirithe na teorainneacha arna bhforchur ag rialacháin idirnáisiúnta i bhfeidhm; á chur i bhfáth go bhfuil an earnáil dhian-dobharshaothraithe ag brath go mór ar mhin éisc agus ola éisc ó thíortha i mbéal forbartha agus, dá bhrí sin, nach féidir é a mheas mar réiteach ar ró-iascaireacht; á iarraidh ar AE agus a Bhallstáit chun dobharshaothrú inbhuanaithe a fhorbairt trí spleáchas thionscal AE ar mhin éisc a laghdú;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinneadh Rialtas na Seapáine uisce radaighníomhach a scaoileadh san aigéan; á iarraidh ar AE brú a chur ar institiúidí idirnáisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar a fhíorthionchar ar an aigéan, agus chun iarraidh ar Rialtas na Seapáine roghanna malartacha a lorg chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an tionchar comhshaol, mar a cheanglaítear lena oibleagáidí idirnáisiúnta dlíthiúla;

6. á iarraidh ar AE tacú le limistéir eisiata náisiúnta cois cladaigh a fhorchoimeádtar le haghaidh iascairí áitiúla agus ceirde i dtíortha comhpháirtíochta a chruthú chun

acmhainní iascaigh agus slite beatha pobal cósta a chosaint ón tionchar atá ag líon méadaitheach soithí tionsclaíocha faoi bhratach eachtrach agus faoi úinéireacht eachtrach;

7. á mheabhrú nach mór sainiúlachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur san áireamh sa phlean gníomhaíochta maidir lena chur chun feidhme nithiúil, rud ar cheart sochaí shibhialta i bpróisis chomhchruthaithe le haghaidh samhlacha gnó agus réitigh inbhuanaithe a bheith i gceist leis; á chur in iúl gur díol sásaimh di ról na gcoinbhinsiún réigiúnach mara agus na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún sainorduithe uaillmhianacha a chur chun cinn maidir le heagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh atá ailínithe leis na prionsabail shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil sa chomhbheartas iascaigh chun acmhainní iascaigh i dtíortha i mbéal forbartha agus in uiscí idirnáisiúnta a chosaint, go háirithe trí bhainistiú stoic a fheabhsú do speicis amhail tuinníní trópaiceacha, agus chun feabhas a chur ar na sonraí atá ar fáil, ar chomhlíonadh agus ar thrédhearcacht na cinnteoireachta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cosaint agus athbhunú éiceachórais mhuirí a bhunú ar na sonraí eolaíocha is fearr atá ar fáil;

8. á mheabhrú go dteastaíonn ó chosaint agus athchóiriú na n-éiceachóras mara rialachas domhanda straitéiseach uaillmhianach na n-aigéan a bheith ann as a mbaineann iascaigh áitiúla ar scála beag tairbhe agus atá bunaithe ar chleachtais iascaireachta inbhuanaithe i gcomhar le pobail chósta; á áitiú a thábhachtaí atá sé dícharbónú soithí iascaireachta a spreagadh, agus, ar bhonn níos ginearálta, tacaíocht leordhóthanach ó AE chun forbairt inbhuanaithe na hearnála iascaireachta a áirithiú, trína chomhaontuithe comhpháirtíochta go suntasach, agus na pobail iascaireachta á gcosaint agus ag cabhrú leo ag an am céanna le linn an aistrithe seo; á thabhairt chun suntais go bhfuil nasc idir éiceachórais shláintiúla agus forbairt eacnamaíoch agus á iarraidh ar AE a áirithiú go gcuirfear clásail trédhearcachta agus neamh-idirdhealaithe i gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe chun feidhme go hiomlán agus go bhfuil feidhm acu i leith acmhainní iascaireachta arna ngabháil ag cabhlaigh eachtracha freisin; á mheabhrú gur cheart dul i gcomhairle le gach geallsealbhóir ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe na sochaí sibhialta agus pobail iascaireachta ar mionscála, iad a chur ar an eolas agus gur cheart dóibh a bheith rannpháirteach le linn caibidlíocht maidir le comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe agus le linn iad a chur chun feidhme; á chur i bhfáth go bhfuil gá le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun imeacht ó iascaireacht dhiancharbóin, ardéilimh agus ardtionchair go hiascaireacht ísealcharbóin agus ísealtionchair, chun rochtain tíortha i mbéal forbartha ar theicneolaíochtaí ábhartha a áirithiú agus chun tacú le taighde agus nuálaíocht maidir le hoiriúnú aeráide aigéin agus foinsí fuinnimh inathnuaite muirí a fhorbairt; ag athdhearbhú a seasaimh maidir leis an Rialachán maidir le Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú[1] agus an Treoir maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí[2] gur gá éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú agus tacú le hinfheistíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu cabhrú le hiompar muirí a dhícharbónú,

[1] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

[2] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

lena n-áirítear infheistíochtaí sa tiomáint ghaoithe;

9. á chur in iúl gur geal leis an uaillmhian a luaitear sa phlean gníomhaíochta chun an bonn eolais a neartú maidir le hiascaigh a bhainistiú agus an mhuirthimpeallacht a chosaint agus chun dlús a chur le taighde agus nuálaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh teicniúil agus airgeadais a sholáthar le haghaidh fothú acmhainneachta sa taighde agus san fhorbairt agus le haghaidh aistrithe eolais le tíortha i mbéal forbartha, i gcomhréir le sprioc 14.a de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14; ag cur béim ar a thábhachtaí atá cur chuige den sórt sin chun na haigéin a dhéanamh níos sláintiúla agus chun dlús a chur le ranncuidithe na bithéagsúlachta muirí agus an gheilleagair ghoirm le forbairt tíortha i mbéal forbartha, go háirithe stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus na tíortha is lú forbairt;

10. á chur i bhfios go dtugtar le forbairt limistéir mhuirí faoi chosaint deis chun dlús a chur le comhoibriú i measc geallsealbhóirí, iascairí agus pobail chósta áitiúla, agus chun réitigh a chruthú lena gcuirtear imthosca áitiúla sonracha san áireamh chun cosaint níos fearr a thabhairt don bhithéagsúlacht mhuirí agus forbairt gníomhaíochtaí atá nasctha leis an ngeilleagar gorm a chaomhnú; á thabhairt chun suntais gur cheart limistéir mhuirí faoi chosaint a dhearadh le rannpháirtíocht iascairí ar mionscála agus pobail chósta; á iarraidh ar thíortha comhpháirtíochta a áirithiú go mbeidh na grúpaí sin rannpháirteach ag gach céim den phróiseas, ó ainmniúchán go bainistiú na limistéar; á chur i bhfáth gur féidir le limistéir mhuirí faoi chosaint rannchuidiú le tairbhí le haghaidh éiceachórais mhuirí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla a bhaint amach; á mheabhrú go gcosnaítear le limistéir arna mbainistiú go héifeachtach agus arna gcosaint go leordhóthanach suíomhanna sceite éisc agus suíomhanna iasclainne agus éisc óga, go laghdaítear leo na tionchair ar ghnáthóga íogaire agus gur féidir leo gabhálacha speiceas íogair arna ndéanamh de thaisme a laghdú; ag tabhairt dá haire go leagann an plean gníomhaíochta béim ar dhrochthionchair na trálaeireachta grinnill i limistéir mhuirí faoi chosaint; á iarraidh ar na Ballstáit chun bearta nithiúla a chur chun feidhme chun cuspóirí caomhnaithe agus athchóirithe a bhaint amach, ar cuspóirí iad atá sonrach do gach limistéar muirí faoi chosaint, ag tosú leis na limistéir is mó atá faoi bhagairt, agus chun éifeachtaí na trálaeireachta grinnill ar éiceachórais ghrinnill a mhaolú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheictheacht fhadtéarmach agus tacaíocht airgeadais chun aistriú cóir nach bhfágann aon iascaire ar lár a áirithiú; á mheas gur cheart na cuspóirí céanna chosaint ar leibhéal idirnáisiúnta; á mheabhrú go luaitear i Sprioc 3 de Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal nach mór do ghníomhaíochtaí laistigh de limistéir faoi chosaint a bheith ag teacht go hiomlán le cuspóirí caomhnaithe; á iarraidh ar AE, maidir leis sin, leas a bhaint as acmhainneacht agus tairbhí limistéir mhuirí faoi chosaint trí thacaíocht a thabhairt do bhunú líonra domhanda limistéir mhuirí faoi chosaint nó ‘Crios Gorm’, go háirithe trí líonraí bainisteoirí limistéir mhuirí faoi chosaint a nascadh le chéile, d’fhonn forbairt socruithe comhair nua agus comhroinnt sonraí a chothú idir AE agus a thíortha comhpháirtíochta; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh AE díriú go háirithe ar na réigiúin is forimeallaí agus na tíortha agus críocha thar lear san Aigéan Indiach, san Aigéan Chiúin, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Atlantach, chun comhar a fhorbairt atá riachtanach chun an ‘Crios Gorm’ domhanda sin a chruthú; ag athdhearbhú a tacaíochta do thoirmeasc na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha eastóscacha uile a dhéanann damáiste don chomhshaol, amhail mianadóireacht agus eastóscadh breoslaí iontaise, i limistéir mhuirí faoi chosaint agus teicnící iascaireachta tionsclaíocha díobhálacha, i gcomhréir leis na treoirlínte ón

Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha;

11. ag cur béim ar an bhfíoras gur céim thábhachtach agus riachtanach é an t-aistriú fuinnimh ar cheart í a bhaint amach; á chur i bhfios, áfach, gur dúshlán mór é breoslaí iontaise a ionadú, go háirithe i bhfianaise na heaspa forbartha maidir le teicneolaíochtaí iomchuí a bhféadfadh iad a úsáid san earnáil iascaigh; á chur i bhfios nach mór iascairí áitiúla ar mionscála a chosaint le linn phróiseas an aistrithe, toisc go mbeidh sé ina dhúshlán mór dóibh;

12. á iarraidh ar AE trédhearcacht a chur chun cinn sna hiascairí agus i dtionscail eastóscacha eile ar muir i dtíortha comhpháirtíochta eile, toisc go bhfuil sé ríthábhachtach chun deireadh a chur le ró-iascaireacht, cailliúint na bithéagsúlachta agus sáruithe ar chearta an duine; á chur i bhfáth gur féidir tíortha cósta i mbéal forbartha na caighdeáin a leagtar amach sa Tionscnamh Trédhearcachta Iascaigh agus sa Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach a chur chun feidhme chun trédhearcacht a fheabhsú;

13. á iarraidh ar AE a dhícheall a dhéanamh chun rialacháin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú, ar rialacháin iad a chuireann teorainn ar bhratacha áise agus athrú brataí agus ceannaireacht a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar thrasloingsiú ar muir agus cigireachtaí ag calafoirt a fheabhsú, toisc gur bealaí suntasacha iad sin chun deireadh a chur le lúba ar lár neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit rialacha faireacháin agus rialúcháin ar iascaigh maidir lena gcabhlaigh iascaireachta sheachtracha;

14. ag athdhearbhú ghealltanais Chreat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal agus chuspóir straitéis bhithéagsúlachta AE chun 30% ar a laghad de limistéir mhuirí AE a chosaint agus 10% ar a laghad de limistéir mhuirí a chosaint go docht faoi 2030; á iarraidh ar AE chun an cuspóir sin a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus béim ar choimircí láidre chun cearta na bpobal dúchasach, na bpobal áitiúil agus na n-iascairí ar mionscála a chinntiú; ag meabhrú thiomantas AE do phrionsabal an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt agus le beartais éagsúla AE a ailíniú, ar beartais inmheánacha agus sheachtracha araon iad, chun rialachas neamh-chomhtháite a sheachaint; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le clásail chuimsitheacha um chearta an duine agus an smacht reachta a chur san áireamh i gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, ar cheart dóibh a bheith trédhearcach fós agus i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; á áitiú nár cheart do thomhaltas próitéine AE an bonn a bhaint ó shlándáil bia i dtíortha i mbéal forbartha agus gur cheart go rannchuideodh tacaíocht earnála le forbairt agus bainistiú inbhuanaithe na hearnála iascaigh agus na bpobal cósta i dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe iascairí ar mionscála; á chur i bhfios go láidir nach mór do chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta oiliúint na n-iascairí a chur chun cinn agus a spreagadh;

15. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá earnáil an iascaigh agus iascairí ar mionscála i limistéir chósta i dtíortha i mbéal forbartha; á mheabhrú go bhfuil freagracht ar AE chun na hearnálacha sin i dtíortha i mbéal forbartha a chosaint agus tacú leo chun saothrú na stoc éisc a theorannú agus deireadh a chur le ró-iascaireacht; á chur i bhfios go láidir nach mór deireadh a chur le cleachtais neamhdhleathacha iascaireachta, lena n-áirítear cleachtais arna ndéanamh ag soithí Eorpacha;

16. á iarraidh go ndéanfaí bearta dícheall chuí éigeantacha chun a áirithiú go mbeidh slabhra soláthair iomlán an iascaigh, lena n-áirítear slabhraí soláthair beatha ainmhithe, cothrom, inrianaithe go hiomlán, saor ó iascaireacht neamhdhleathach agus ó tháirgeadh a bhfuil baint aige le gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht;

17. á chur in iúl gur geal léi an cuspóir 30 % den phláinéad a chosaint, ach ag tabhairt rabhadh nár cheart é a dhéanamh chun dochair do phobail dúchais agus do phobail áitiúla, ar cheart a gcearta talún, rochtana agus acmhainne maidir leis an aigéan a chosaint, mar atá leabaithe i dTreoirlínte Deonacha Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándáil Náisiúnta an tSoláthair Bia agus maidir le hIascach Inbhuanaithe ar Mionscála a Ráthú i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach; á chur i bhfáth nach féidir le gníomhaíochtaí maidir le pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla tarlú ach amháin i gcás ina dtugtar saorthoiliú feasach roimh ré, mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair; á iarraidh, chun na críche sin, go gcruthófaí coimircí láidre maidir le cearta an duine agus sásra cuntasachta agus casaoide;

18. ag tathant go ndéanfar cistí leordhóthanacha a shlógadh chun na droch-iarmhairtí ar phobail iascaireachta a d’eascair as an athrú aeráide agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a mhaolú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an sciar teoranta de bhuiséad AE atá leithdháilte ar éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athchóiriú; ag cáineadh, maidir leis sin, an easpa faireacháin ar chur chun feidhme agus úsáid chuí an chistithe; á chur i bhfáth gur cheart aird ar leith a thabhairt don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i bhfianaise ról ríthábhachtach na mban agus daoine óga, go háirithe sna réimsí maidir leis an ngeilleagar inbhuanaithe atá bunaithe ar an aigéan agus limistéir caomhnaithe mhuirí;

19. á chur i bhfáth gur cheart maoiniú aeráide a úsáid chun éiceachórais mhuirí a athbhunú agus a chosaint, ar éiceachórais iad atá ríthábhachtach maidir le maolú agus oiriúnú aeráide;

20. á iarraidh ar AE tacaíocht airgeadais agus cúnamh teicniúil a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha chun cabhrú leo Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal agus Conradh na Náisiún Aontaithe ar an Mórmhuir a chur chun feidhme;

21. á chur in iúl gur geal léi Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais Iascaigh, rud atá ina chéim mhór chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht na n-aigéan trí thoirmeasc a chur ar fhóirdheontais iascaigh díobhálacha d’iascaigh atá ag díriú ar acmhainní a ndéantar ró-iascaireacht orthu agus atá freagrach as iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte; á iarraidh, mar chéad chéim eile, go dtabharfaí aghaidh ar fhóirdheontais atá chomh díobhálach céanna lena spreagtar ró-acmhainneacht, toisc go bhfuil ídiú na n-aigéan ar fud an domhain mar thoradh orthu.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 16<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ilan De Basso, Marlene Mortler, Caroline Roose, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 16 | + |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Eleni Stavrou, Tomas Tobé |
| Renew | Barry Andrews, Catherine Chabaud |
| S&D | Ilan De Basso, Karsten Lucke, Carlos Zorrinho |
| An Chlé | Miguel Urbán Crespo |
| Na Glasaigh/SCE | Pierrette Herzberger-Fofana, Caroline Roose |

| 0 | - |
|---|---|
| - | - |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: